

Tósta Francach

Comhábhair

- 4 ubh mhór
- 100ml bainne
- 2 taespúnóg chainéil
- 8 bpíosa aráin gan ghlútan
- Cnap ime

Modh Oibre

1. Measc na huibheacha, an bainne agus an cainéal i mbabhla leathan, íseal.
2. Leáigh an t-im i bhfriochtán mór.
3. Tum chuile phíosa aráin isteach sa mheascán uibheacha, ceann i ndiaidh a chéile.
4. Lig don arán an meascán a shú.
5. Tóg amach é agus lig dó sileadh ar feadh nóiméid.
6. Cuir ar t-arán go cúramach ar an bhfriochtán te.
7. Frioich an t-arán ar thaobh amháin go mbeidh dath órga air.
8. Iompaigh go cúramach é agus frioich an taobh eile chomh maith.
9. Cuir tuilleadh ime ar an bhfriochtán más gá agus lean ar aghaidh go mbeidh an t-arán ar fad déanta.

NOD: Cuir chun boird le síoróip mhailpe nó le cáis ghrátálda.



